ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Gluais Téarmaí

*To ensure the provision of the highest possible standards of adoption related services, throughout the lifelong adoption process, with the best interests of children as the first and paramount objective.*

# Údarás Uchtála na hÉireann

# Gluais Téarmaí Ginearálta A-Z

Fáilte chuig ár ngluais téarmaí ginearálta.

Is próiseas athraithe saoil é an uchtáil do gach duine a bhfuil baint acu léi. Chun cearta gach duine a chosaint, ní mór próiseas daingean dlí a bheith ann mar bhuntaca léi. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbíonn aon fhaisnéis a chuirimid ar fáil chomh soiléir agus is féidir.

Tá an ghluais seo tiomsaithe againn chun cabhair a thabhairt maidir le faisnéis faoi uchtáil a dhéanamh níos soiléire agus níos éasca lena húsáid. Tá súil againn go mbeidh an ghluais fóinteach duit.

## A

**AAI:** Údarás Uchtála na hÉireann.

**Comhlacht Creidiúnaithe nó Gníomhaireacht Chreidiúnaithe:** comhlacht atá údaraithe ag Údarás Uchtála na hÉireann chun feidhmeanna maidir le huchtáil a chomhlíonadh. Mar shampla, tá Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ina ghníomhaireacht atá creidiúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar lánúineacha i leith uchtáil idir tíortha (leanbh as áit thar lear a uchtáil).

**Lorgaireacht Ghníomhach:** cuardach a dhéanann Údarás Uchtála na hÉireann, Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó gníomhaireacht chreidiúnaithe eile. Féachann an ghníomhaireacht le teagmháil a dhéanamh le hábhar an chuardaigh - an duine uchtaithe nó duine de theaghlach breithe an duine sin - chun faisnéis a chomhroinnt nó chun teacht le chéile a eagrú, b'fhéidir.

**An tAcht - An tAcht Uchtála 2010:** an dlí nó píosa reachtaíochta is déanaí maidir le huchtáil.

**Cumann Uchtála:** is ainm é seo nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh comhlachtaí áirithe, ar comhlachtaí ar bhunaigh oird chrábhaidh iad de ghnáth agus a bhíodh ag gabháil d'uchtáil roimhe seo. Tugtar Comhlachtaí Creidiúnaithe ar na cumainn sin anois.

**Uchtaí:** duine uchtaithe.

**Deimhniú Uchtála:** cóip deimhnithe den taifead i gClár na Leanaí Uchtaithe nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (RICA). Is cruthúnas dleathach ar uchtáil é. Is ionann é agus deimhniú breithe agus is ceart glacadh leis mar dheimhniú den sórt sin ar mhaithe le cúrsaí dlí nó riaracháin. **Clár na Leanaí Uchtaithe:** liosta de na leanaí a uchtaíodh in Éirinn. An Phríomh-Oifig Chlárúcháin (GRO), i Ros Comáin, a choimeádann Clár na Leanaí Uchtaithe.

**Ó chleamhnas:** gaolmhaireacht le duine eile trí phósadh. Mar shampla, tá duine gaolta ó chleamhnas le teaghlach a chéile nó a céile - máthair chéile, deartháir céile agus mar sin de.

**Ordú Uchtála:** ordú dlíthiúil lena ndéantar seasamh iomlán dlíthiúil a thabhairt do dhuine uchtaithe ina theaghlach/teaghlach uchtaíoch. Bíonn uchtáil in Éirinn 'iomlán', rud a chiallaíonn nach mbíonn aon ghaolmhaireacht dhlíthiúil ná aon cheangail dhlíthiúla ann a thuilleadh idir na tuismitheoirí breithe agus an leanbh. Uaireanta, tugtar uchtáil 'iomlánach' ar uchtáil iomlán.

**Iarratasóirí:** daoine a dhéanann iarratas chun leanbh a uchtáil. Uaireanta, baintear úsáid as giorrúcháin - mar shampla, **MAP**, i gcomhair iarratasóir fireann, **FAP**, i gcomhair iarratasóir baineann, nó **PAP-anna**, i gcomhair tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

**Measúnacht:** féach Tuarascáil Staidéir Baile.

**Gníomhaireacht Mheasúnachta:** comhlacht creidiúnaithe a ndéanann a cuid oibrithe sóisialta an mheasúnacht i dtaobh an bhfuil tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha cáilithe agus oiriúnach chun leanbh a uchtáil. **Fíordheimhnithe nó Apastalaithe:** féach Gnóthaí Eachtracha

# B

**Faisnéis Chúlra:** faisnéis phearsanta nó faisnéis 'saol' faoin máthair bhreithe, amhail a haois, a cúlra teaghlaigh agus a reiligiún. Féach freisin **Faisnéis Neamhaitheantais.**

**Ar Mhaithe le Leas an Linbh:** téarma a thagraíonn do chinntí dlíthiúla a dhéantar faoi uchtálacha ar bhonn leas - ar mhaithe le leas - an linbh.

**Tuismitheoir Fola:** an tuismitheoir ar saolaíodh an leanbh lena mbaineann di go fisiciúil (máthair fola) nó arb é athair fisiciúil an linbh sin é (athair fola).

**Tuismitheoir Breithe:** máthair nó athair fola.

**Siblín Breithe:** deartháir nó deirfiúr uchtaí ar duine é nó í a saolaíodh do thuismitheoir fola nó do thuismitheoirí fola an uchtaí. Féadfaidh siad a bheith ina siblíní 'lánfhola' nó 'leathfhola'. I gcás

siblín leathfhola, bíonn an mháthair bhreithe chéanna nó an t-athair breithe céanna acu agus, i gcás siblíní lánfhola, bhíonn an bheirt tuismitheoirí breithe céanna acu.

**Curtha amach ar iostas:** is seanchleachtas é seo, ar aon dul le haltramú, agus is é atá i gceist leis ná leanbh a chur in áras teaghlaigh.

# C

**Ordú Cúraim:** ordú cúirte a dheonaítear chun leanbh a bhaint de choimeád na dtuismitheoirí nuair a mheastar go bhfuil an leanbh i mbaol. Déantar an leanbh a chur faoi chúram altramais nó faoi chúram cónaithe. Bíonn tréimhsí ama éagsúla i gceist, ag brath ar imthosca an cháis. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh an tréimhse maireachtáil go dtí go mbaineann an leanbh aois 18 mbliana amach. Sna cásanna sin údaraítear do Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cinntí a dhéanamh amhail is dá mba é Tusla tuismitheoirí an linbh.

**An tÚdarás Lárnach maidir le hUchtáil:** gníomhaireacht náisiúnta uchtála tíre faoi dhlí na tíre sin. In Éirinn, is é Údarás Uchtála na hÉireann an tÚdarás Lárnach.

**Cóip Dheimhnithe:** cóip dhílis de dhoiciméad agus í formhuinithe ag aturnae nó ag nótaire (dlíodóir) nó ag feidhmeannach síochána.

**Cóip Dheimhnithe de Thaifead:** mar shampla, cóip dheimhnithe de dheimhniú uchtála nó de dheimhniú breithe.

**CFA:** an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Féach freisin Tusla– An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

**Comhairliú:** comhairle agus treoir ghairmiúil faoi phleananna pearsanta nó faoi fhadhbanna pearsanta. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist le comhairliú ó Údarás Uchtála na hÉireann faoi fhaisnéis agus faoi rianú ná bualadh le hoibrí sóisialta chun a fháil amach cén tuairim atá ag duine faoi theagmháil le gaolta breithe agus faoi na hathruithe a bhféadfadh an teagmháil sin iad a dhéanamh ar shaol an duine, agus chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh cén leibhéal teagmhála agus faisnéise atá ag teastáil ón duine.

Maidir le huchtáil idir tíortha, d'fhéadfadh plé faoi tharchur a bheith i gceist.

**Toiliú:** cead nó comhaontú. I dtaca le cúrsaí uchtála de, is ceadú riachtanach é a thugann tuismitheoirí breithe nó caomhnóirí i scríbhinn ar fhoirm toilithe oifigiúil.

**Foirm Toilithe:** foirm oifigiúil atá le síniú ag duine iomchuí, an mháthair bhreithe de ghnáth, chun cead a thabhairt uchtáil a dhéanamh.

**Dul i gComhairle (nó Fógra a Thabhairt):** an ceanglas ar dá réir daoine áirithe - mar shampla, aithreacha breithe - a chur ar an eolas faoin uchtáil bheartaithe ionas gur féidir a dtuairim a éisteacht agus a bhreithniú.

**Clár na dTeagmhálaithe:** féach NACPR.

**An Tír a Roghnaítear:** an tír a roghnaíonn an t-iarratasóir le linn na measúnachta maidir le huchtáil idir tíortha. Ó bhí an bhliain 2010 ann, ní mór gur tír 'Coinbhinsiún na Háige' í an tír a roghnaítear - is é sin, tír a bhfuil Coinbhinsiún na Háige daingnithe aici. Féach Coinbhinsiún na Háige.

Ordú Cúirte / Foraithne Chúirte / Ordú Uchtála: cruthúnas dlíthiúil ar uchtáil. De ghnáth, is doiciméad é ina bhfuil mionsonraí faoin gcúirt, faoi dháta na huchtála, faoin leanbh, faoi na tuismitheoirí uchtaíocha, agus mar sin de. Is doiciméad oifigiúil é ar a mbíonn stampa, séala nó síniú chun é a dhéanamh dlíthiúil.

# D

**Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta:** cead dlíthiúil a thugann Údarás Uchtála na hÉireann d'iarratasóirí chun uchtáil a dhéanamh in Éirinn (uchtáil bhaile) nó thar lear (uchtáil idir tíortha). Is doiciméad sínithe séalaithe aon leathanaigh é an Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta agus bíonn sé bailí ar feadh dhá bhliain ach is féidir é a fhadú go ceann bliain bhreise. Bíonn moladh ann freisin maidir leis an leanbh nó maidir leis na leanaí atá le huchtáil. Tugtar dearbhú Alt 40 air freisin mar go ndéileáiltear leis san alt sin den Acht Uchtála 2010.

**Uchtáil Bhaile:** cás ina ndéanann duine éigin a bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn freisin a uchtáil.

Tá ceithre chineál uchtála baile ann:

1. **Leasteaghlach:** Seo cás ina ndéanann páirtnéir amháin i gcaidreamh leanbh a pháirtnéara/páirtnéara a saolaíodh i gcumann roimhe sin a uchtáil. Faoin dlí reatha, ní mór don pháirtnéir arb é/í tuismitheoir nádúrtha an linbh é/í an leanbh a uchtáil faoin bpróiseas seo freisin.

2. **Uchtáil Teaghlaigh Shínte nó Uchtáil ag Gaol: S** eo cás ina ndéanann seanathair nó seanmháthair, deartháir, deirfiúr, uncail nó aintín (agus páirtnéir an duine sin) leanbh a uchtáil.

3. **Uchtáil Bhaile Naín:** Seo cás ina ndéanann tuismitheoir (tuismitheoirí) breithe naín an naíon a thabhairt suas lena uchtáil/huchtáil agus ina gcuirtear é/í faoi chúram lánúine nó duine aonair a bhfuil measúnacht déanta ina leith cheana féin á rá gur duine/daoine incháilithe oiriúnacha é/í/iad chun leanbh a uchtáil. Sa chuid is mó de na cásanna sin, ní raibh aon chaidreamh ag an uchtaitheoir (ag na huchtaitheoirí) leis an tuismitheoir (na tuismitheoirí) breithe ná leis an leanbh, ná ní raibh aon eolas aige/aici/acu air/uirthi. I bhfocail eile, ní bhíonn aithne acu ar a chéile.

4. **Cúram Altramais Fadtéarma as a leanann Uchtáil:** Seo cás ina gcuirtear leanbh faoi chúram altramais agus ina ndéanann an cúramóir (na cúramóirí) altramais an leanbh a uchtáil ina dhiaidh sin.

# E

**Fadú:** fadú bliana ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta atá eisithe ag Údarás Uchtála na hÉireann. Tugtar fadú Alt 41 air freisin mar go ndéileáiltear leis san alt sin den Acht Uchtála 2010.

# F

**Uchtáil Teaghlaigh:** cás ina ndéantar máthair bhreithe linbh an leanbh a chur faoi chúram a tuismitheoirí nó a teaghlaigh shínte féin.

**Gnóthaí Eachtracha, Fíordheimhnithe nó Apastalaithe:** stampa nó deimhniú oifigiúil a chuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar fáil chun a fhíorú go bhfuil doiciméad barántúil. Nuair a bhíonn doiciméad oifigiúil á thabhairt amach as Éirinn - mar shampla, mar chuid de phaca uchtála ar mhaithe le huchtáil idir tíortha - d’fhéadfadh sé go n-iarrfaidh an tír eile go ndéanfar na doiciméid atá ann sa phaca a fhíordheimhniú nó a apastalú. Déanann na hiarratasóirí teagmháil leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus déanann siad coinne i leith an méid sin a dhéanamh.

**Altramú/Cúram Altramais:** seo cás ina gcuireann Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach faoi chúram teaghlach eile i gcásanna ina meastar go bhfuil an leanbh i mbaol. D'fhéadfadh sé gur socruithe gearrthéarma nó socruithe fadtéarma a dhéantar sa chás seo.

# G

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (Grinnfhiosrúchán nó Imréiteach Póilíneachta):** tuarascáil a eisíonn an Garda Síochána (nó fórsa póilíneachta tíre eile má bhí cónaí ar iarratasóir sa tír sin) á rá ar ciontaíodh, nó nár ciontaíodh, iarratasóir i gcoir riamh. Ní mór an tuarascáil sin a bheith ann mar chuid den phróiseas measúnachta.

**GRO - An Phríomh-Oifig Chlárúcháin:** príomhoifig na tíre i ndáil le breitheanna, marbh-bhreitheanna, básanna, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus uchtálacha in Éirinn. Tá GRO na hÉireann lonnaithe i Ros Comáin. Coimeádann GRO Clár na Leanaí Uchtaithe.

**Caomhnóireacht:** nuair a dhéantar leanbh a chur go dlíthiúil faoi chúram aosaigh (aosach) ag a bhfuil cearta agus dualgais.

Ní hionann caomhnóireacht agus uchtáil.

# H

**Gnáthchónaí:** cinneadh dlíthiúil i dtaobh cónaí iarratasóra (iarratasóirí) dá dtagraítear in Alt 57 den Acht Uchtála 2010.

**Gníomhaireacht Chreidiúnaithe na Háige:** gníomhaireacht a dtugann údarás lárnach na tíre lena mbaineann cead di chun uchtálacha a riaradh de réir chaighdeáin Choinbhinsiún na Háige (Féach an chéad iontráil eile sa ghluais). Mar shampla,
in Éirinn, is gníomhaireacht chreidiúnaithe í an Helping Hands Adoption Mediation Agency (HHAMA).

**Coinbhinsiún na Háige:** comhaontú idirnáisiúnta chun uchtálacha idir tíortha a choimirciú. Is é an teideal iomlán Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála idir Tíortha.

Sa choinbhinsiún sin, leagtar amach caighdeáin agus cleachtais idirnáisiúnta maidir le huchtáil idir tíortha. Cuireadh bailchríoch sa Háig, an Ísiltír, sa bhliain 1993 é agus dhaingnigh Éire é sa bhliain 2010. Faoi láthair, tá 96 thír tar éis glacadh leis an gcoinbhinsiún seo agus cuireann siad uchtálacha i gcrích faoi na treoirlínte a ghabhann leis.

**Prótacail nó Airteagail na Háige:** treoirlínte i scríbhinn a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige. Mar shampla, is iad Airteagail 15, 16, 17 & 23 a úsáidtear mar bhonn le haghaidh uchtáil idir tíortha.

**Tuarascáil Staidéir Baile nó Tuarascáil Mheasúnachta Baile nó Tuarascáil Mheasúnachta:** an tuarascáil a dhéanann oibrithe sóisialta Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó gníomhaireacht chreidiúnaithe mheasúnachta maidir le cumas tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha cúram a thabhairt don leanbh. Ar mhaithe leis an tuarascáil, bailítear faisnéis faoi theaghlach, faoi oideachas, faoi fhostaíocht, faoi chobhsaíocht chaidrimh, faoi thuairimí agus faoi dhearcthaí etc. an tuismitheora ionchasaigh. Bailítear faisnéis faoi mar a dhéileáileann na tuismitheoirí ionchasacha le strus, na cúiseanna atá acu gur mian leo leanbh a uchtú, mar a mhothaíonn siad faoi chultúir éagsúla agus mar a mhothaíonn said faoi theagmháil a bheith acu le gaolta breithe.

Thar aon ní eile, leagtar amach plean cúraim an uchtaitheora sa tuarascáil agus na socrúcháin a dhéanfadh siad d'fhonn é/í féin a réiteach chun bheith ina thuismitheoir/tuismitheoir ag leanbh a d'fhéadfadh gur bhain tráma lena shaol ag aois óg agus a bhféadfadh riachtanais bhreise a bheith aige dá bharr sin. D’fhéadfadh sé go dtógfaidh sé 1-2 bhliain nó níos mó chun tuarascáil staidéir baile a chríochnú.

# I

**Imréiteach Inimirce:** cead chun leanbh ainmnithe a thabhairt isteach in Éirinn go dlíthiúil ó thír eile ar mhodh uchtáil idir tíortha.

# L

**LAC nó Coiste Uchtála Áitiúil:** coistí a mbunaíonn – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach iad faoin Acht Uchtála 2010. Is é cúram LAC comhairle agus cúnamh a thabhairt d'Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) agus moltaí a dhéanamh dó. Tagann na coistí le chéile in ionaid éagsúla áit a bhfuil oifigí uchtála áitiúla ann.

# M

**Meaitseáil:** i dtaca le Faisnéis agus Lorgaireacht, bíonn meaitseáil ann nuair is ionann mianta beirt daoine nó níos mó ar an gclár. Mar shampla, má deir duine uchtaithe go bhfuil sé/sí toilteanach bualadh le daoine den teaghlach breithe, agus má deir daoine den teaghlach breithe go bhfuil siad toilteanach bualadh leis an duine uchtaithe, is meaitseáil é sin.

**Idirghabháil:** próiseas cruinnithe agus pléite le tríú páirtí – mar shampla, oibrí sóisialta – chun cabhrú le gach gaol breithe teacht ar chomhaontú i dtaobh cá mhéad faisnéis agus teagmháil is cuí do gach duine ar leith ag an tráth seo dá saol.

**Stair Liachta:** faisnéis liachta faoin teaghlach breithe nó faoin duine uchtaithe. Mar chuid den stair liachta, beidh faisnéis ann faoi riochtaí oidhreachtúla - is é sin, riochtaí nó tinnis a ghabhann le teaghlach. Is minic a bhíonn an stair liachta ina cúis le duine uchtaithe a bheith ag iarraidh teagmháil a dhéanamh lena theaghlach/teaghlach breithe.

**Meitheal Ildisciplíneach nó Chomhtháite:** grúpa gairmithe a oibríonn le chéile ar fud an phróisis uchtála. I measc bhaill na meithle áirítear gairmithe liachta, riaracháin, dlí agus oibre sóisialta a bhfuil eolas agus taithí acu ar an bpróiseas uchtála.

# N

**NACPR:** an Clár Náisiúnta Roghanna maidir le hIarratais ar Theagmháil. Is clár saorálach é seo do dhaoine uchtaithe agus dá ngaolta breithe, ar clár é atá á choimeád agus á bhainistiú ag Údarás Uchtála na hÉireann ó bhí an bhliain 2014 ann.

**Tuismitheoir Nádúrtha:** féach Tuismitheoir Breithe.

Acht Uchtála 1952: an chéad phíosa reachtaíochta faoi chúrsaí uchtála i bPoblacht na hÉireann. Níor tharla aon uchtáil dhlíthiúil sular ritheadh an tAcht seo.

**Faisnéis neamhaitheantais:** faisnéis bhunúsach faoi dhuine ar faisnéis í nach nochtann céannacht an duine lena mbaineann. Mar shampla, is féidir le huchtaithe túsainm, reiligiún, slí bheatha etc. a thuismitheora/tuismitheora breithe a fháil. Ní insíonn aon fhaisnéis den sórt sin go cruinn cé hé/hí an duine ná cá bhfuil cónaí air/uirthi.

**Nótaire agus Nótaireacht a Dhéanamh:** is é atá i nótaire ná duine atá údaraithe chun tascanna áirithe a chur i gcrích amhail síniú a fhianú – mar shampla, ar fhoirmeacha dlíthiúla, agus mar sin de.

# O

**Gníomhaireacht Uchtála Bhunaidh:** Féach Cumann Uchtála.

**Deimhniú Breithe Bunaidh:** - deimhniú breithe duine uchtaithe sular uchtaíodh é/í.

# P

**Paca:** déantar comhad nó fillteán an iarratais ar uchtáil a chur chuig tír eile mar chuid den phróiseas uchtála idir tíortha. Cuimsíonn an paca iarratais na doiciméid riachtanacha go léir, amhail Tuarascáil Mheasúnachta Baile, Dearbhú Incháilitheachta & Oiriúnachta, faisnéis airgeadais, grianghraif agus ábhar eile a iarrtar. Uaireanta, tugtar paca 'Airteagal 15' ar an bpaca iarratais ós rud é go mbaineann sé le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún na Háige.

**PAP-anna: Tuismitheoirí nó iarratasóirí uchtaíocha ionchasacha.**

Togra i bPrionsabal nó PiP: faisnéis neamhaitheantais faoi na riachtanais ar leith nó faoi na riachtanais bhreise atá ag leanbh, ar faisnéis í a thugtar d'uchtaitheoirí idir tíortha a dtaispeánann a dtuarascáil staidéir baile go bhfuil sé de chumas acu feidhmiú mar thuismitheoirí don leanbh agus a chuidíonn leo rochtain a fháil ar sheirbhísí iomchuí. Tugtar an fhaisnéis seo le go mbeidh an

fhaisnéis ar fad ag uchtaitheoirí agus a gcinneadh deiridh maidir le leanbh a uchtú á dhéanamh acu. Tugann an PiP deis dóibh riachtanais an linbh a phlé le daoine gairmiúla ábhartha amhail dochtúirí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, oibrithe sóisialta agus síceolaithe.

**Cur faoi chúram:** cás ina ndéantar leanbh a chur faoi chúram duine aonair sainaitheanta nó lánúin shainaitheanta lena uchtáil/huchtáil. Is é Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó comhlacht creidiúnaithe eile a dhéanann a cur faoi chúram agus tarlaíonn sé sin nuair a thugann an mháthair bhreithe an leanbh suas go saorálach.

**Grinnfhiosrúchán Póilíneachta:** féach Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

**Tuarascálacha tar éis Cur faoi Chúram nó PPR-anna:** tuarascálacha a scríobhann oibrithe sóisialta faoi dhul chun cinn agus faoi fhorbairt an linbh a chuirtear faoi chúram. Tugann na tuarascálacha sin faisnéis do na húdaráis uchtála thar lear agus in Éirinn faoi dhul chun cinn an linbh ón tráth a gcuirtear faoi chúram teaghlach Éireannach é/í lena uchtáil/huchtáil. Uaireanta, críochnaítear na tuarascálacha sula ndéantar an uchtáil go críochnaitheach; uaireanta eile, éilíonn roinnt tíortha iad tar éis an uchtáil a bheith curtha i gcrích.

**Uchtáil Phríobháideach:** sa chás seo, ní raibh aon ghníomhaireacht bainteach leis an uchtáil. Rinne daoine príobháideacha an leanbh a chur go díreach faoi chúram na dtuismitheoirí uchtaíocha. In Éirinn, tá uchtálacha príobháideacha neamhdhlíthiúil faoi théarmaí an Achta Uchtála 1998.

# R

**Daingniú:** ceadú a dhaingniú; aontú agus glacadh a dhéanamh. Mar shampla, 'dhaingnigh' Éire Coinbhinsiún na Háige sa bhliain 2010. I bhfocail eile, cheadaigh Éire treoirlínte an choinbhinsiúin agus d'aontaigh sí cloí leis na treoirlínte le linn uchtálacha idir tíortha a dhéanamh.

**Tír Ghlactha:** an tír a bhfuil an leanbh ag teacht chuici.

**Tarchur:** faisnéis faoi leanbh atá á mholadh/moladh i gcomhair uchtáil (le tuismitheoirí uchtaíocha meaitseáilte ionchasacha), ar faisnéis í a chuireann tír nó gníomhaireacht seolta chuig tír nó

gníomhaireacht ghlactha. Áiríonn an fhaisnéis tarchuir tuarascáil oibre sóisialta, faisnéis liachta, faisnéis dlí, orduithe cúirte agus grianghraif.

**Clárú - Neamhdhlíthiúil:** clárú mícheart breithe faoi na hAchtanna um Chlárú Sibhialta i gcás nach é/í tuismitheoir an linbh é/í an duine a bhfuil clárú á dhéanamh aige/aici mar an tuismitheoir.

**Cónaí in Éirinn:** daoine a bhfuil cónaí orthu sa tír seo agus a bheartaíonn fanacht anseo san fhadtéarma. San Acht, úsáidtear an téarma dlí sonrach 'Gnáthchónaí' i dtaca leis an stádas seo a mheas.

**Teacht le chéile:** cruinniú. I dtéarmaí uchtála, is minic a áiríonn sé cruinniú le gaolta breithe den chéad uair tar éis teagmháil a dhéanamh ar dtús trí litreacha, trí ghrianghraif agus trí mhalartú faisnéise neamhaitheantais.

**RICA – Clár na nUchtálacha Idir Tíortha:** liosta de na huchtálacha idir tíortha go léir a dhéantar. Is é Údarás Uchtála na hÉireann a choimeádann agus a chothabhálann an clár. Nuair a chuirtear uchtálacha idir tíortha i gcrích, ní mór d'uchtálaithe iarratas a dhéanamh ar thaifeadadh i RICA laistigh de 90 lá ón tráth a bhfilleann siad ar Éirinn. I ndlí na hÉireann, is ionann cóip dheimhniú de thaifead agus deimhniú breithe. Feidhm eile de chuid RICA is ea clárú uchtálacha lasmuigh d'Éirinn. Is minic a iarrann Oifig na bPas in Éirinn sin nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar iarratais a bhaineann le daoine uchtaithe.

# S

**Alt 30 den Acht Uchtála 2010:** de réir an ailt sin, féadfaidh Bord Údarás Uchtála na hÉireann nó ordú ón Ard-Chúirt uchtáil a údarú gan dul i gcomhairle leis an athair breithe.

**Alt 40 den Acht Uchtála 2010:** féach Dearbhú Incháilitheachta & Oiriúnachta.

**Alt 41 den Acht Uchtála 2010:** féach Fadú.

**Alt 54 den Acht Uchtála 2010:** san alt sin luaitear gur féidir leis an Ard-Chúirt, in imthosca áirithe, a údarú go leanfar ar aghaidh le huchtáil gan toiliú na dtuismitheoirí breithe nó na gcaomhnóirí.

**Tír Sallchuir:** an tír a bhfuil an leanbh ag teacht uaithi. I gCoinbhinsiún na Háige, tugtar an Tír Tionscnaimh ar an tír sin.

**Uchtaitheoir Aonair:** duine a ndéantar measúnacht air/uirthi ina aonar/n-aonar.

**Céile:** duine i bpósadh nó i bpáirtnéireacht shibhialta; úsáidtear mar théarma ginearálta é agus ciallaíonn sé fearchéile nó banchéile. **Bonn Reachtúil:** na rialacha atá i bhfeidhm chun rud ar leith a dhéanamh dlíthiúil. De ghnáth, cuirtear an dlí i bhfeidhm ar mhodh Acht iomlán den Oireachtas nó ar mhodh 'Ionstraim Reachtúil'. Is é atá in Ionstraimí Reachtúla ná rialacha ar féidir le hAire iad a shíniú ina ndlí gan díospóireacht iomlán rialtais a bheith ann.

**Dearbhú Reachtúil:** ráiteas fíorais i scríbhinn a shínítear i láthair aturnae, nótaire nó feidhmeannach síochána.

**Uchtáil ag Leastuismitheoir:** cás ina ndéanann lánúin phósta, ar tuismitheoir breithe an linbh é/í duine amháin díobh, an leanbh a uchtáil. De ghnáth, is í an mháthair bhreithe a bhíonn i gceist.

**An Chúirt Uachtarach (Arna dheimhniú ag):** próiseas ar dá réir a fhíordheimhníonn an Chúirt Uachtarach doiciméid a bhfuil nótaireacht déanta ina leith cheana féin, má iarrtar amhlaidh. Is féidir le hiarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hOifigí na Cúirte Uachtaraí agus coinne a dhéanamh.

# T

**An tAcht - An tAcht Uchtála 2010:** an dlí nó píosa reachtaíochta is déanaí maidir le huchtáil.

**Lorgaireacht:** cuardach a dhéanann gníomhaireacht do dhuine uchtaithe nó do bhall teaghlaigh breithe, nó thar ceann duine uchtaithe nó ball teaghlaigh breithe. Féach freisin Lorgaireacht Ghníomhach.

**Lorg:** cuardach chun teacht ar ghaolta breithe trí úsáid a bhaint as seantaifid, as meáin shóisialta, as taifid phoiblí agus as cláir lena fháil amach cá bhfuil cónaí orthu anois agus d'fhonn teagmháil a dhéanamh le gaolta, nuair a aimsítear mionsonraí cothrom le dáta, trí litir a chur chucu, trí ríomhphost, leis an teileafón nó ar mheáin shóisialta.

**Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach:** an ghníomhaireacht stáit a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine uchtaithe agus do ghaolta breithe, is é sin, seirbhísí amhail seirbhísí faisnéise agus lorgaireachta. Ina theannta sin, déanann siad measúnacht ar iarratasóirí ar uchtáil idir tíre agus ar uchtáil bhaile. Bunaíodh Tusla de réir dlí sa bhliain 2013 agus ghlac siad cuid

mhór feidhmeanna chucu a bhíodh faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). De ghnáth, déantar tagairt don ghníomhaireacht faoina hainm giorraithe - Tusla.

# Z

**Zappone:** An Dr Katherine Zappone TD, Aire Leanaí & Gnóthaí Óige, ó Bhealtaine 2016.